

NEDDA MÓR SEOIGHE

Bhí Nedda Mór Seoighe in a chomhnaidhe i mBaile na Cille. Bhí gaol aige le Seán Bán Ó Flaithearta. Dreithiúr do Sheán Bán a mháthair. Ní rabhadar an-réidh le chéile tar éis gaol gar a bheith aca le chéile. Bhí sliúp ag Nedda Mór agus bhíodh sé a gul go Geansa a' ceannacht. Thigeadh sé isteach go Cuigéal le n-a lucht. Bhíodh cuid mhaith den lucht dá choinneál in a theach féin aige. Chuirí n a buidéil agus na járanna i bhfolach sna mútaí (claidheacha fóid). Na blianta caocha in dhiaidh sin thosuigh gasúir a' dóghadh na mútaí agus fritheadh go leor buidéil ionnta, buidéil sleamhain suas gan aon ghuala orthab. Ní raibh deor ionnta mar bhíodar pléasgtha ag an teine.

Bhí dúthaigh ag Nedda Mór gar don Chlochán, agus dúthaigh ar an Liónán. D'athruigh sé as Baile na Cille siar go Clochán nó go háit in aice leis. Is ann atá sé curtha. B'inghean don tSeoigheach seanmháthair Mháirtín Gréilis a bhí in Iorrus Fhlannáin. Cailleadh an Máirtín seo i dteach an tseanchaidhe.